English version below

Aonach Naomh Seoirse dubh le daoine do Chearta agus Ceiliúradh

Tháinig na mílte duine go hAonach Naomh Seoirse, Béal Feirste, Dé Domhnaigh 10ú Deireadh Fómhair le rannpháirt a ghlacadh in ócáid POBAL, Chearta agus Ceiliúradh. Dúirt Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL, 'Tháinig Gaeilgeoirí ó chóngar is ó chéin agus bhí lá Gaeilge den scoth againn – le siamsaíocht, imeachtaí, ealaíona agus teachtaireacht dáiríre chomh maith – is mithid Acht an Gaeilge a thabhairt isteach.' Lean sí, 'D'éirigh go thar barr leis an lá. Bhí an ócáid iontach mór an bhliain seo caite, ach i mbliana, d'fhás sí níos mó arís. Phlódaigh níos mó ná dá mhíle duine isteach san Aonach ó gach cearn den tír. Bíonn siad sásta teacht mar ag Cearta agus Ceiliúradh, tugann POBAL deis do Ghaeil seasamh ar son Acht na Gaeilge agus ag an am céanna, obair a ngrúpa féin a cheiliúradh agus a chur i láthair lucht feiceanna oll-mhór.'

Sorcas Bhéal Feirste agus cuid den scaifte ollmhór

Ag an ócáid, bailíodh na céadta sínithe do litreacha atá le cur ag POBAL chuig Príomh-Airí na Breataine, David Cameron agus Nick Clegg, ag éileamh Acht na Gaeilge. Ar liosta na n-imeachtaí le linn an lae bhí oll-eachtraí Sorcas Bhéal Feirste agus an seó mire is déanaí de chuid na Deartháireacha Fanzini, beirt fhear grinn ó Ghaeltacht 'Corcaigh na hIodáile'. Thug an scríbhneoir clúiteach Séamas Mac Annaidh ceardlann scéalaíochta; thug stairí agus bunaitheoir Ghaeltacht Seoighe, Brighid Mhic Sheáin, cuairt treoraithe staire sa cheantar; bhí hip-hop agus damhsa domhanda le Tura Arutura, ceardlanna ealaíon agus drámaíochta le hAisling Óg, amhráin agus ceol, cluichí agus deis le fuaimeanna dalba a dhéanamh le giolcacha píobaireachta. Choinnigh fear a 'tí Tony Devlin, aisteoir iomráiteach scannáin, amharclainne agus teilifíse, ord is eagar ar oll-eachtraí sorcais, ceol, damhsa agus a lán eile ón mhór-ardán. Ar na mallaibh, léirigh Tony an dráma gradamach rathúil 'Oíche le George' agus is minic go raibh rólanna Hollywood agus teilifíse aige, leithéid de 'Hart's War', 'Breakfast on Pluto', 'H3', 'Titanic Town', 'Band of Brothers', 'Marú', 'Adharca Fada' agus 'Observe the Sons of Ulster' uilig san áireamh. Dar ndóigh, feictear go minic é chomh maith i bhfógraí teilifíse do chomhlacht inaitheanta beora!

Deartháireacha Fanzini agus a seó míre

Dúirt Janet Muller, 'Chomh maith le daoine ó gach cuid de Bhéal Feirste, bhí daoine linn ó Ard Mhacha, ó Iúr Cinn Trá, ó Fhear Manach, ó Bhaile an Chaistil, ó Chaisleán Uilleann, ón Srath Ban, ó Mhachaire Reatha, ó Mhachaire Fíolta, ó Dhún Geanainn is ó Dhún Pádraig. Is as an phobal beo seo a fhásann éileamh maidir le hAcht na Gaeilge. Tá obair mhór mhaith á déanamh ag grúpaí Gaeilge fud fad na tíre agus go háirithe ó thuaidh – an t-aon áit amháin ar na hoileáin seo nach bhfuil cosaint reachtaíochta ann don phríomhtheanga dhúchasach. Ag an ócáid, chuir muid i gcuimhne go raibh sé 4 bhliain ó thug Rialtas na Breataine gealltanas maidir le hAcht na Gaeilge. Le Cearta agus Ceiliúradh, tá an teanga curtha ar ais i lár an aonaigh arís eile agus sin uilig agus an-chraic ann do chach!'

POBAL, +44 (0)28 90 438132, eolas@pobal.org

Rights and Revelry

Irish language event draws people from far and near to call for the Irish language Act

St George's market in Belfast was buzzing on Sunday with thousands of people of all ages who had come from far and near for POBAL's massive Irish language Rights and Revelry event to celebrate the achievements of the Irish language community and to call for the fulfilment of the St Andrews Agreement promise to enact Irish language legislation. Janet Muller, POBAL's Chief Executive said, 'This year's event has been even bigger and better than last year, and we have had a fantastic family fun day of arts and entertainment and a serious message – four years after St Andrews, it's time for the Irish language Act.'

Face painters were kept busy

She continued, 'POBAL's Rights and Revelry has become a ground breaking get together for Irish speakers from all over the country to celebration of the work that the Irish speaking community carries out all year round and it means we can showcase our achievements to a massive audience.!'

The list of amazing events during the day included the heart-stopping Belfast Circus high-wire act and the mad-cap Fanzini Brothers Cannonball Show topping the bill. Renowned author Séamas Mac Annaidh held a storytelling workshop; historian and Shaw's Road Gaeltacht founder, Brighid Mhic Sheáin guided a short historical tour of the markets area; there was hip-hop in Irish, children's drama, modern dance with Tura Arutura, arts and drama workshops with Aisling Óg, games, the fun Bungee Run, face painting, and a chance to try out pipe reeds (and to make rude noises). Tony Devlin, well-known film, TV and stage actor, introduced the main stage entertainment, including circus spectacle, music, dance and song. As well as directing the current stage hit, 'A Night with George,' Tony has many Hollywood and TV credits to his name including 'Hart's War', 'Breakfast on Pluto', 'H3', 'Titanic Town', 'Band of Brothers', 'Marú' and 'Observe the Sons of Ulster'. He appears regularly on TV in both Irish and English, including in adverts for a well-known brand of lager!

Giggles the clown

Janet Muller said, 'We have had people here from every part of Belfast, and from Dungiven, Maghera, Strabane, Ballycastle, Fermanagh, Newry, Armagh and Derry – every county in the North and not forgetting all those who travelled from Dublin, Kerry and other parts too! The need for the Irish language Act is rooted in the fantastic work of Irish speakers all over the country, and particularly in the North – the only place on these islands where there is not already extensive protection under law for the primary indigenous language. This weekend it is four years since the British government gave its commitment at St Andrews that it would enact the Irish Language Act, something which it has so far failed to do. On 10.10.10, Irish speakers have put the Irish Language Act centre stage once more, and had a fantastic day out at the same time!'

Further information from POBAL, +44(0)28 90 438132, eolas@pobal.org